Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 26 Eanáir 2026**
**(OR. en)**

**5355/26**

**LIMITE**

**CORLX 57**
**CFSP/PESC 73**
**MOG 5**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/1532 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua |

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/1532 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Iúil 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1532[1].

(2) Sna conclúidí uaithi an 21 agus an 22 Márta 2024, chuir an Chomhairle Eorpach in iúl dá ndéanfadh an Iaráin diúracáin bhalaistíocha agus teicneolaíocht ghaolmhar a aistriú chun na Rúise lena n-úsáid i gcoinne na hÚcráine, tar éis di aerárthaigh gan foireann a sholáthar don Rúis, atá in úsáid gan stad i gcoinne an phobail shibhialta san Úcráin, go mbeadh an tAontas Eorpach faoi réir chun freagairt go tapa agus i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear le bearta sriantacha suntasacha nua i gcoinne na hIaráine. Thairis sin, chuir an Chomhairle Eorpach in iúl nach mór an rochtain atá ag an Rúis ar ábhair agus teicneolaíochtaí íogaire atá ábhartha don láthair chatha a shrianadh a mhéid is féidir, lena n-áirítear trí dhíriú ar eintitis i dtríú tíortha lena gcumasaítear teacht timpeall ar bhearta sriantacha. D'iarr an Chomhairle Eorpach ar Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') agus ar an gCoimisiún smachtbhannaí breise a ullmhú i gcoinne na Bealarúise, na Cóiré Thuaidh agus na hIaráine.

---

[1] Cinneadh (CBES) 2023/1532 ón gComhairle an 20 Iúil 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua (IO L 186, 25.7.2023, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1532/oj).



PUBLIC

(3) An 13 Meán Fómhair 2024, i ráiteas ón Ardionadaí thar ceann an Aontais, cháin an tAontas go láidir aistriú na ndiúracán balaistíoch de dhéantús na hIaráine chuig an Rúis, agus meastar gur bagairt dhíreach é sin ar shlándáil na hEorpa agus gur géarú ábhartha substainteach é ar sholáthar aerárthach gan foireann agus armlóin ón Iaráin, a d'úsáid an Rúis ina cogadh foghach neamhdhleathach ar an Úcráin. D'fhreagródh an tAontas go pras agus i gcomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear le bearta sriantacha suntasacha nua i gcoinne na hIaráine, lena n-áirítear daoine aonair agus eintitis a ainmniú a bhfuil baint acu le cláir diúracán balaistíoch agus ladrann na hIaráine, agus i ndáil leis an méid sin, tá bearta sriantacha in earnáil eitlíochta na hIaráine á mbreithniú aige freisin.

(4) Sna conclúidí uaithi an 19 Nollaig 2024, dúirt an Chomhairle gur géarú idirnáisiúnta ar an gcogadh iad na haistrithe arm agus an doimhniú ar an gcomhar míleata idir an Rúis agus DPDC agus an Iaráin, mar aon le himscaradh fhórsaí míleata DPDC chun na Rúise agus a n-úsáid ar láthair an chatha i gcoinne na hÚcráine, agus go bhfuil iarmhairtí tromchúiseacha ag an méid sin don tsíocháin agus don tslándáil idirnáisiúnta.

(5) Tá aerárthaí gan foireann agus comhpháirteanna aerárthaí gan foireann arna dtáirgeadh san Iaráin á n-úsáid ag an Rúis chun tacú lena cogadh foghach i coinne na hÚcráine, rud a sháraíonn ceannasacht, neamhspleáchas agus iomláine chríochach na hÚcráine, lena n-áirítear i gcoinne sibhialtach agus in aghaidh an bhonneagair shibhialtaigh. Dá bhrí sin, trí chlár Státurraithe na hIaráine chun aerárthaí gan foireann a fhorbairt agus a tháirgeadh, rannchuidítear le sáruithe ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar bhunphrionsabail an dlí idirnáisiúnta.

PUBLIC

(6) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, ba cheart ceathrar agus sé eintiteas a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/1532.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2023/1532 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/1532 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN**

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/1532 mar a leanas:

(1) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis faoin gceannteideal 'A. Daoine nádúrtha':

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| '21. | Amir RADFAR | رادفر میر (litriú Fairsise) | Post/Poist: Stiúrthóir ar Shahid Bagheri Industrial Group (SBIG)<br>Dáta breithe: 22.12.1971<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: Fireann | Tá Amir Radfar ina stiúrthóir ar Shahid Bagheri Industrial Group (SBIG). Monaraíonn SBIG diúracáin bhalaistíocha breosla sholadaigh agus is fochuideachta é de Aerospace Industries Organization (AIO) atá liostaithe ag an Aontas, a dhéanann maoirseacht ar fhorbairt agus ar tháirgeadh dhiúracáin bhalaistíocha na hIaráine. Tá baint ag Amir Radfar, dá bhrí sin, le clár diúrachán na hIaráine. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo mar dháta an liostaithe.

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 22. | Hossein HEMSI | | Post/Poist: Príomhoifigeach feidhmiúcháin agus scairshealbhóir Fanavaran Sanat Ertebat Company<br>Dáta breithe: 27.10.1982<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: Fireann<br>Uimhir aitheantais náisiúnta: 0532987276 | Is é Hossein Hemsi príomhoifigeach feidhmiúcháin agus scairshealbhóir Fanavaran Sanat Ertebat Company (FSE). Is cuideachta phríobháideach é FSE a sholáthraíonn comhpháirteanna leictreonacha criticiúla agus córais treoraíochta um fhriotaíocht in aghaidh trasnaíochta don Islamic Revolutionary Guard Corps Research and Self-Sufficiency Jihad Organisation (IRGC SSJO) agus, ar an gcaoi sin, tá baint aige le clár aerfheithiclí gan foireann na hIaráine.<br>Dá bhrí sin, agus é ina cháil mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin agus mar scairshealbhóir de FSE, tá Hossein Hemsi rannpháirteach i gclár aerfheithiclí gan foireann na hIaráine. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo mar dháta an liostaithe.

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 23. | Armin Ghorsi ANBARAN | قرصی آرمین عنبران (litriú Fairsise) | Post/Poist: Comhalta Boird agus scairshealbhóir Fanavaran Sanat Ertebat Company<br>Dáta breithe: 21.9.1983<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: Fireann<br>Uimhir aitheantais náisiúnta: 0065911601 | Is Comhalta Boird agus scairshealbhóir de Fanavaran Sanat Ertebat Company (FSE) é Armin Ghorsi Anbaran. Is cuideachta phríobháideach é FSE a sholáthraíonn comhpháirteanna leictreonacha criticiúla agus córais treoraíochta um fhriotaíocht in aghaidh trasnaíochta don Islamic Revolutionary Guard Corps Research and Self Sufficiency Jihad Organisation (IRGC SSJO) agus, ar an gcaoi sin, tá baint aige le clár aerfheithiclí gan foireann na hIaráine.<br>Dá bhrí sin, ina cháil mar Chomhalta Boird agus mar scairshealbhóir de FSE, tá Armin Ghorsi Anbaran rannpháirteach i gclár aerfheithiclí gan foireann na hIaráine. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo mar dháta an liostaithe.

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 24. | Hossein BAKSHAYESH | بخشایش حسین (litriú Fairsise) | Post/Poist: Príomhoifigeach feidhmiúcháin agus Stiúrthóir Bainistíochta Sahara Thunder<br>Dáta breithe: 22.5.1964<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: Fireann<br>Uimhir aitheantais náisiúnta: 1189810190 | Is é Hossein Bakshayesh Príomhfheidhmeannach agus stiúrthóir bainistíochta Sahara Thunder. Is cuideachta trádála allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin Iaránach é Sahara Thunder a ghníomhaíonn mar chuideachta chaoch d’Aireacht Cosanta agus Lóistíochta Fhórsaí Armtha na hIaráine (MODAFL). Sa cháil sin, soláthraíonn sé aerfheithiclí gan foireann, comhpháirteanna aonair, agus teicneolaíocht ghaolmhar don Rúis agus faigheann sé íocaíocht ón Rúis as seachadadh na n-earraí agus na seirbhísí sin.<br>Mar phríomhoifigeach feidhmiúcháin agus stiúrthóir bainistíochta Sahara Thunder, soláthraíonn Hossein Bakshayesh, dá bhrí sin, aerfheithiclí gan foireann na hIaráine agus tá baint aige ar shlí eile le haerfheithiclí gan foireann na hIaráine a aistriú chuig an Rúis chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. | [+]’; |

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo mar dháta an liostaithe.

(2) Cuirtear isteach an iontráil seo a leanas faoin gceannteideal ‘B. Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí’:

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| ‘21. | Sahara Thunder<br>ar a dtugtar freisin Tondar Sahara Co.<br>ar a dtugtar freisin Tondar Sahra Private Limited Company<br>ar a dtugtar freisin Desert Thunder Company | صحرا شرکت تندر<br>(litriú Fairsise) | Seoladh: Uimh. 2, Moghadas Alley, Ghasir St., Beheshti St. Tehran, an Iaráin<br>Seoladh: An Cúigiú Urlár, Uimh. 2, Shahid Hassan Moghadam Alley, Shahid Ahmad Ghsir Str. An Airgintín, SAEI St. Tehran, an Iaráin<br>Áit chlárúcháin: An Iaráin<br>Cláruimhir ghnó: 94186<br>Uimhir aitheantais náisiúnta: 10101382714<br>Uimhir an Chomhlachais Tráchtála:131454<br>Suíomh gréasáin: www.saharathunder.com | Is cuideachta trádála allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin Iaránach é Sahara Thunder a ghníomhaíonn mar chuideachta chaoch d’Aireacht Cosanta agus Lóistíochta Fhórsaí Armtha na hIaráine (MODAFL). Sa cháil sin, soláthraíonn sé aerfheithiclí gan foireann, comhpháirteanna aonair, agus teicneolaíocht ghaolmhar don Rúis agus faigheann sé íocaíocht ón Rúis as seachadadh na n-earraí agus na seirbhísí sin.<br>Dá bhrí sin, soláthraíonn Sahara Thunder aerfheithiclí gan foireann nó diúracáin de chuid na hIaráine nó teicneolaíochtaí gaolmhara nó comhpháirteanna díobh, agus tá sé bainteach leis na haerfheithiclí nó na diúracháin sin nó teicneolaíochtaí gaolmhara nó comhpháirteanna díobh a aistriú, chuig an Rúis chun tacú lena cogadh foghach ar an Úcráin. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo mar dháta an liostaithe.

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 22. | Fanavaran Sanat Ertebat Company (FSE) | شرکت فن آوران صنعت ارتباطات<br>(Litriú Fairsise) | Seoladh: Yousef Abad Neighbourhood, Kordestan Express Way, Seyyed Sohrab Akhlaqi street 37, Tehran, an Iaráin<br>An cineál eintitis: Cuideachta phríobháideach<br>Uimhir aitheantais náisiúnta: 10102884046<br>Uimhir Ghnó: 247799 | Is cuideachta phríobháideach é Fanavaran Sanat Ertebat Company (FSE) a sholáthraíonn comhpháirteanna leictreonacha criticiúla agus córais treoraíochta um fhriotaíocht in aghaidh an Islamic Revolutionary Guard Corps Research and Self-Sufficiency Jihad Organisation (IRGC SSJO). Is comhalta é freisin de Iranian Aviation and Space Industries Association (IASIA), a sholáthraíonn comhpháirteanna thar ceann IRGC chun aerfheithiclí gan foireann a mhonarú.<br>Tá baint ag FSE, dá bhrí sin, le clár aerfheithiclí gan foireann na hIaráine. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo mar dháta an liostaithe.



PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 23. | Pishgaman Tejarat Rafi Novin Co. | پيشگامان تجارت رفيع نوين<br>(Litriú Fairsise) | Seoladh: Tehran Leyzan Hossein Abad Javanshir Street, Corner of Ordibehesht St., No. 10, Cód Poist: 166993356, an Iaráin<br>An cineál eintitis: Cuideachta Phríobháideach Theoranta<br>Áit chlárúcháin: An Iaráin<br>Dáta clárúcháin: 10.12.2007<br>Cláruimhir: 311045<br>Uimhir aitheantais náisiúnta: 10103503385 | Is cuideachta phríobháideach í Pishgaman Tejarat Rafi Novin Co. a bhfuil naisc aici le heintitis a bhfuil baint acu le clár diúracán na hIaráine. Fuair Pishgaman Tejarat Rafi Novin Co. méideanna suntasacha de shárchlóráit amóiniam, ar príomh-thiomántán é le haghaidh diúracáin breosla sholadaigh, ó sholáthraithe eachtracha do chlár diúracán na hIaráine. Dá bhrí sin, tá baint ag Pishgaman Tejarat Rafi Novin Co. le clár diúracán na hIaráine. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo mar dháta an liostaithe.



PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 24. | Arsang Safe Trading Co. | تجارت ایمن شزکت ارسنگ (litriú Fairise) | Seoladh: 901, Negin Saii Tower, Vali-asr St., 14338 Tehran, 901, Negin Saii Tower, vali-asr st., 14338, an Iaráin<br>Áit chlárúcháin: An Iaráin<br>Dáta clárúcháin: 3.3.2014<br>Cláruimhir: 450913 | Tá Arsang Safe Trading Co. ríthábhachtach chun cabhrú leis an Rúis Diúracáin Bhalaistíocha Neasraoin (CRBManna) agus aerfheithiclí gan foireann (UAVanna) a fháil ón Iaráin tríd an gcomhoibriú atá aici le Sahara Thunder. Déanann Supply, Research, and Industry Affairs Section de Ministry of Defense and Armed Forces Logistics (MODAFL) na hIaráine maoirseacht ar na comhaontuithe míleata sin, agus tá ról ceannasach aici in iarrachtaí míleata taighde agus forbartha na hIaráine.<br>Bhí conarthaí cairte ama ag Sahara Thunder le cuideachtaí atá lonnaithe san India le haghaidh an tsoithigh CHEM, atá in úsáid le haghaidh il lastais aerfheithiclí gan foireann, ó bhí 2022 ann. Chuir Arsang Safe Trading Co. seirbhísí bainistíochta long ar fáil do na loingsithe sin, rud a d’áirithigh aistriú rianúil aerfheithiclí gan foireann. | + |

PUBLIC

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo mar dháta an liostaithe.

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Mar fhochuideachta de MODAFL, tá Sahára Thunder ríthábhachtach i ndearadh, i bhforbairt, i monarú agus i ndíol aerfheithiclí gan foireann a úsáideann an Rúis sa chogadh foghach ar an Úcráin.<br><br>Dá bhrí sin, tá Arsang Safe Trading Co. bainteach le haerfheithiclí gan foireann nó diúracáin de chuid na hIaráine nó teicneolaíochtaí gaolmhara nó comhpháirteanna díobh a aistriú chuig an Rúis chun tacú lena cogadh foghach ar an Úcráin. | |

PUBLIC

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 25. | Asia Marine Crown Agency<br>ar a dtugtar freisin Asia Marine Crown Shipping Agency<br>ar a dtugtar freisin Asia Marine Crown Shipping Agency Services Company<br>ar a dtugtar freisin Taj Daryaye Asia | آسیا دریای تاج (litriú Fairsise) | Seoladh: Unit. 7, 1st Floor, BLDG No. 21, Kar Va Tejarat Av., Vanak St., Vanak Sq, Tehran, an Iaráin<br>Áit chlárúcháin: An Iaráin<br>Dáta clárúcháin: 9.1.2019<br>Cláruimhir: 10977<br>Uimhir aitheantais: 14008069775 | Is cuideachta chaoch í Asia Marine Crown Agency do Ministry of Defense and Armed Forces Logistics (MODAFL) na hIaráine. Bhí an ghníomhaireacht sin ina gníomhaire calafoirt in Bandar Abbas na hIaráine, a d'éascaigh roinnt lastais de pháirteanna aerfheithiclí gan foireann agus earraí dé-úsáide do thionscadail Sahara Thunder a sholáthraíonn aerfheithiclí gan foireann don Rúis. Déanann Sahara Thunder, cuideachta chaoch eile de chuid MODAFL, maoirseacht ar ghníomhaíochtaí tráchtála na hIaráine a bhaineann le dearadh, forbairt, monarú agus díol aerfheithiclí gan foireann, a n-aistrítear go leor díobh chuig an Rúis lena n-úsáid sa chogadh foghach atá ar bun ag an tír ar an Úcráin.<br>Tá Asia Marine Crown Agency bainteach le haerfheithiclí gan foireann nó diúracáin de chuid na hIaráine nó teicneolaíochtaí gaolmhara nó comhpháirteanna díobh a aistriú chuig an Rúis chun tacú lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo mar dháta an liostaithe.

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 26. | Khojir Missile Development and Production<br>ar a dtugtar freisin Khojir Missile Production Complex | | Suíomh: Teheran Province, an Iaráin<br>Áit chlárúcháin: An Iaráin | Tá Khojir Missile Development and Production ar thús cadhnaíochta i gclár diúracán balaistíoch na hIaráine, agus tá méadú ollmhór ar chumais táirgthe na cuideachta. Leathnaíodh Khojir Missile Development and Production go suntasach le blianta beaga anuas chun airm a thógáil don Rúis agus don ‘Ais Friotaíochta’, mar a thugtar uirthi. Tharla an leathnú sin tar éis comhaontú i mí Dheireadh Fómhair 2022 inar chomhaontaigh an Iaráin diúracáin a sholáthar don Rúis dá cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine.<br>Ó rinne an Rúis ionradh ar an Úcráin in 2022, sheol an Iaráin diúracáin bhalaistíocha chumhachtacha dromchla-go-dromchla chuig an Rúis, lena n-áirítear Diúracáin Bhalaistíocha Neasraoin (CRBManna) Fath-360. Úsáidtear saoráid Khojir chun cineálacha éagsúla diúracán a tháirgeadh agus tá sé á bhainistiú ag an Islamic Revolutionary Guards Corps (IRGC) agus ag an Defense and Armed Forces Logistics Ministry (MODAFL). Úsáidtear na saoráidí sin chun ardchórais arm a fhorbairt agus a mhonarú, lena n-áirítear diúracáin bhalaistíocha tiomántáin sholadaigh. | [+]’. |

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo mar dháta an liostaithe.

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Dá bhrí sin, soláthraíonn Khojir Missile Development and Production diúracáin de chuid na hIaráine nó teicneolaíochtaí gaolmhara nó comhpháirteanna díobh, nó tá sé bainteach leis na diúracháin sin nó teicneolaíochtaí gaolmhara nó comhpháirteanna díobh a aistriú, chuig an Rúis chun tacú lena cogadh foghach ar an Úcráin. | |

PUBLIC